Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0239(COD)**

**9464/1/24**
**REV 1**

**CODEC 1211**
**EF 171**
**ECOFIN 528**
**DROIPEN 123**
**ENFOPOL 203**
**CT 49**
**FISC 97**
**COTER 94**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (**an chéad léamh**)<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 20 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 22 Meán Fómhair 2021[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 8 Nollaig 2021[3].

4. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh an 16 Feabhra 2022[4].

[1] 10286/21 + ADD 1-4.
[2] IO C 524, 29.12.2021, lch. 10.
[3] IO C 152, 6.4.2022, lch. 89.
[4] IO C 210, 25.5.2022, lch. 15.

5. An 24 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[5]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 36/24 mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

7. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[5] 9198/24.